Spórt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoi chúrsaí spóirt an lae. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

Cad atá ar eolas agat faoi Alberto Contador?

An bhfuil tú in ann aon rothaithe Éireannacha a ainmniú?

An fiú tástáil a dhéanamh ar gach iomaitheoir sula nglacann siad páirt i gcomórtas?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Anti-doping _____ Fual

Switzerland _____ Ráflaí

Agency _____ Gníomhaireacht

Urine _____ Cáiligh

Appeal _____ Lucht tacaíochta

Achievement _____ Achomharc

Rumours _____ Forleathan

Widespread _____ Gaisce

Qualify _____ Frith-dhópáil

Supporters _____ An Eilvéis

Ceist 3 Anois féach ar an mír den dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén áit a imreofar an cluiche i bpríomhroinn Shasana?
2. Cad a tharlóidh má bhuann Tottenham Hotspurs ar Aston Villa?
3. Cén dá fhoireann Meiriceánach a luaitear sa mhír?
4. Cén t-imreoir Sasanach a imríonn leis an bhfoireann chéanna le Keane ach a bhfuil ráflaí ann go mbogfaidh sé ar ais chun na hEorpa?
5. Cén gaisce a rinne foireann na hÉireann i Staid Aviva Dé Máirt seo caite?

Ceist 4 *Agus <u>ar deireadh</u> anocht*

Cad atá ar eolas agat faoin réamhfhocal 'ar'?

Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar 'deireadh' sa chás thuas.

Déan iarracht na lúibíní a bhaint agus an leagan ceart a scríobh.

1. D'éirigh Seán ar (maidin)
2. Tá teach ar (cíos) aige
3. Nílim ar (meisce)
4. Bhí mé ar (bád) inné
5. Tá siad ar (cúl) an tí
6. Tar ar (cuairt) amárach
7. Beidh mé ann ar (ball)
8. Tá diallait ar (capall) an Rí
9. Bhí an cóta ar (cathaoir) mo charad
10. Bhí a hainm ar (balla) an ghrá

Ceist 5 **a)** Déan iarracht na gnéithe gramadaí luaite a aimsiú sa sliocht thíos.

1. Trí shampla den ghinideach uatha
2. Saorbhriathar
3. Ainmfhocal baininscneach
4. Trí ainmfhocal firinscneach
5. Comhfhocal
6. Forainm
7. Breischéim na haidiachta

Cúrsaí sacair anois, agus imreofar cluiche amháin i bpríomhroinn sacair Shasana anocht agus deis ag Tottenham Hotspur bogadh suas chuig an tríú háit sa tsraith ach an ceann is fearr a fháil ar Aston Villa i White Hart Lane ar ball beag. Níos faide ó bhaile agus chuir Robbie Keane clabhsúr le sársheachtain go deo ina shaol gairmiúil freisin nuair a bhuaigh a chlub L.A. Galaxy craobh MLS Mheiriceá aréir. Captaen na hÉireann é féin leis an bpas a d'fhág Langdon Donovan tríd leis an aon chúl sa chluiche a scóráil in aghaidh na Houston Dynamo.

Ceist 6 Pléigh na ráitis thíos leis an duine in aice leat nó mar rúin díospóireachta sa rang.

'Iompraíonn lúthchleasaithe an lae inniu ar dhrugaí mídhleathacha mar gheall ar bhrú na meán' *nó* ***'Tá na cluichí Gaelacha ag fulaingt mar gheall ar ghaiscí an tsacair agus an rugbaí'***

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Anti-doping	Frith-dhópáil
Switzerland	An Eilvéis
Agency	Gníomhaireacht
Urine	Fual
Appeal	Achomharc
Achievement	Gaisce
Rumours	Ráflaí
Widespread	Forleathan
Qualify	Cáiligh
Supporters	Lucht tacaíochta

Ceist 3

1. Imreofar an cluiche i bpríomhroinn sacair Shasana i White Hart Lane.
2. Beidh Tottenham Hotspurs sa tríú háit sa tsraith má bhuann siad.
3. Luaitear L.A. Galaxy agus Houston Dynamo.
4. David Beckham.
5. Cháiligh siad do chraobh na hEorpa den chéad uair ó 1988

Ceist 4 **Leanann séimhiú 'ar' de ghnáth agus muid ag déanamh tagairt do rud fisiciúil. Is minic nach leanann séimhiú más rud teibí atá i gceist.**

Sampla: Ar thalamh: *Go fisiciúil ar an talamh*
Ar bís: *Mothúchán atá i gceist*
Níl séimhiú ar 'deireadh' thuas mar gheall nach rud fisiciúil atá i gceist.

1. D'éirigh Seán **ar maidin.**
2. Tá teach **ar cíos** aige.
3. Nílim **ar meisce.**
4. Bhí mé a**r bhád** inné.
5. Tá siad **ar chúl** an tí.

6. Tar **ar cuairt** amárach.
7. Beidh mé ann **ar ball.**
8. Tá diallait **ar chapall** an Rí.
9. Bhí an cóta **ar chathaoir** mo charad.
10. Bhí a hainm **ar bhalla** an tséipéil.

Ceist 5

1. Trí shampla den ghinideach uatha:

   Cúrsaí sacair; príomhroinn sacair Shasana; craobh MLS Mheiriceá; captaen na hÉireann

2. Saorbhriathar

   imreofar

3. Ainmfhocal baininscneach

   príomhroinn; áit; sraith; Éire;

4. Trí ainmfhocal firinscneach

   sacar; cluiche; baile; saol; club; Meiriceá; captaen; pas; cúl;

5. Comhfhocal

   príomhroinn; sársheachtain

6. Forainm

   ina shaol; a chlub;

7. Breischéim na haidiachta

   Níos faide

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh sa rang.

Rónán Mac an Iomaire

Tá cás fríth-dhópála in aghaidh rothaí clúiteach na Spáinne, Alberto Contador tosaithe ag an gCúirt Eadrána Spóirt, i Lausanne na hEilbhéise inniu agus an baol ann go gcuirfear a bhua i Tour De France na bliana 2010 ar neamhní má rialaítear ina aghaidh. Theip Contador tástálacha fríth-dhópála ag deireadh an rása sin nuair a fritheadh rian den chógas anabalach Clenbutarol i sampla a thug sé, ach rialaigh Aontas Rothaíochta na Spáinne nach raibh cás le freagairt aige de bharr gur ghlac siad lena mhíniú go raibh a fhual truaillithe[i], a deir sé, ó tháinig an cógas siúd ina chóras. Rinne an t-Aontas Rothaíochta Idirnáisiúnta agus W.A.D.A, an ghníomhaireacht fríth-dhópála domhanda achomharc ar an gcinneadh sin. Ceithre lá atá súil a mhairfidh[ii] an éisteacht úd cé nach bhfuil súil leis an léamh go dtí tús na hathbhliana.

Cúrsaí sacair anois, agus imreofar cluiche amháin i bpríomhroinn sacair Shasana anocht agus deis ag Tottenham Hotspurs bogadh suas chuig an tríú háit sa tsraith ach an ceann is fearr a fháil ar Aston Villa i White Hart Lane ar ball beag.

Níos faide ó bhaile anois, chuir Robbie Keane clabhsúr le sársheachtain go deo ina shaol gairmiúil freisin nuair a bhuaigh[iii] a chlub L.A. Galaxy craobh MLS Mheiriceá aréir. Captaen na hÉireann é féin leis an bpas[iv] a d'fhág Langdon Donovan tríd leis an aon chúl sa chluiche[v] a scóráil in aghaidh na Houston Dynamo. Cheap Keane é féin go raibh a fhoireann curtha chun cinn aigesean roimhe sin, ach rialaíodh go raibh sé as an imirt leis an iarracht seo. Gaisce mór a bhí i[vi] mbua na hoíche aréir L.A. Galaxy go deimhin, an chéad chraobh buaite[vii] acu ó 2005 i leith ach seans gurb é an cluiche deireanach é ag David Beckham leis an gclub sin agus ráflaí forleathan ann go bhfuil sé siúd ar tí filleadh ar an Eoraip.

Agus ar deireadh anocht, ní 'chuile dhuine a bhí sásta, an gcreidfeá é, ag deireadh cluiche mór na Máirte seo caite i Staid Aviva, mar ainneoin gur cháilíomar do chraobhacha na hEorpa den chéad uair ó 1988 i leith, chuaigh sé cinn de bhratacha móra lucht tacaíochta na hÉireann amú le linn an cheiliúradh go léir ag deireadh an chluiche sin. Tá achainí déanta ag an suíomh idirlín, youboysingreen.ie ar pé duine a thóg ceann iad a thabhairt ar ais. Fritheadh péire acu níos déanaí an oíche sin taobh amuigh de thithe tábhairne, ach tá ceithre cinn acu fós ar iarraidh.

---

[i] Thruaillithe a deirtear

[ii] A mhairfeas a deirtear

[iii] Nuair a ghruaigh a deirtear

[iv] Leis an pas a deirtear

[v] Sa gcluiche a deirtear i nGaeilge Chonamara

[vi] Sa mbua a deirtear sa mhír

[vii] Gruaite a deirtear